

TÉACSANNA BÚDAÍOCHA

Aistrithe i nGaeilge

An Puja Triarach

[The Threefold Puja]

Mar atá ag Pobal Búdaíoch Triratna

Urraim Oscailte

[Opening Reverence]

Tugaimid urraim don Bhúda, an Té a fuair Léargas, Treoraí na Conaire.

Tugaimid urraim don Dharma, Teagasc an Bhúda, ón dorchchadas go Solas.

Tugaimid urraim don Sangha, muintearas dheisceabail an Bhúda, ábhar ionspioráide agus treorach.

Urraim do Na Trí Seoda

[Reverence to the Three Jewels]

Tugaimid urraim don Bhúda, agus féachaimid lena leanacht.

Rugadh an Búda, faoi mar a beirtear muide.

Gach ar chloígh an Búda, tig linne freisin é a chloí;

Gach ar bhain an Búda amach, tig linne freisin é a bhaint amach.

Tugaimid urraim don Dharma, agus féachaimid lena leanacht,

Le corp, caint agus intinn, go deireadh.

Gach gné den Fhírinne, gach céim den Chonair,

Féachaimid lena scrúdú, lena cleachtadh, lena fíorú.

Tugaimid urraim don Sangha, agus féachaimid lena leanacht

Muintearas gach éinne a shiúlann an Chonair.

Agus muid, duine ar dhuine, ag tabhairt ár ngealltanais féin,

Seo an ciorcal ag síor-leathadh agus an Sangha ag méadú.

Tabhartais don Bhúda*[Offerings to the Buddha]*

Le hurraim don Bhúda, tairgimid bláthanna,
 Iad úr cumhra inniu.
 Beidh siad tréigthe agus tite amárach.
 Ar nós na mbláthanna, éagfaidh ar gcorp féin freisin.

Le hurraim don Bhúda, tairgimid coinne.
 Dósan – an Solas, tairgimid solas.
 Óna Shár-lampa, lasaimid lóchrann níos laige ionainn féin;
 Lampa Bodhi ag soilsíú inár gcroí.

Le hurraim don Bhúda, tairgimid túis,
 Túis a bhfuil a cumhracht san aer.
 Cumhracht na beatha foirfe, níos milse ná túis,
 Ag leathadh i ngach treo, ar fud na cruinne.

*Cumtha ag Sangharakshita
 Aistrithe ón mBéarla ag Pádhraic Ó Ciardha*

Searmanas na Toirbhirte

[The Dedication Ceremony]

Mar atá ag Pobal Búdaíoch Triratna

Tiomnaimid an áit seo do Na Trí Seoda:

Don Bhúda, Barrshamhail an Léargais a chuirimid romhainn;

Don Dharma, Conair an Teagaisc a leanaimid;

Don Sangha, an muintearas spioradálta atá againn le chéile.

Nár thaga aon fhocal fánach uainn anseo;

Nár thaga aon smaoineamh míshocair le corraí intinne a chur orainn.

Do chomhlíonadh na gCúig Foraithe

Tiomnaimid an áit seo;

Do chleachtadh an mhachnaimh

Tiomnaimid an áit seo;

D'fhobairt na gaoise

Tiomnaimid an áit seo;

Do bhaint amach an Léargais

Tiomnaimid an áit seo.

Cé go bhfuil imreas sa domhan lasmuigh

Go raibh síocháin anseo;

Cé go bhfuil fuath sa domhan lasmuigh

Go raibh grá anseo;

Cé go bhfuil briseadh croí sa domhan lasmuigh

Go raibh áthas anseo.

Tiomnaimid an áit seo,

Ní le cantaireacht na Scrioptúr naofa

Ná le croitheadh an uisce beannaithe,

Ach lenár n-iarrachtaí féin i dtreo an Léargais.

Timpeall an Mandala, an láthair naofa seo,

Go n-osclaí loiteoga na glaineachta;

Timpeall an Mandala, an láthair naofa seo,

Go gcumhdaí fál vajraí na dúthrachta muid;

Timpeall an Mandala, an láthair naofa seo,

Go n-éirí na lasracha a dhéanann Nirvana de Samsara.

Suite anseo, ag cleachtadh anseo,
Go ndéantar Búda dár n-intinn,
Go ndéantar Dharma dár smaoineamh
Go ndéantar Sangha dár gcumarsáid le chéile.

Do shonas an uile neach,
Chun leasa an uile neach,
Le corp, caint agus intinn,
Tiomnaimid an áit seo.

*Cumtha ag Sangharakshita
Aistrithe ón mBéarla ag Pádhraic Ó Ciardha*

Tearmainn agus Foraitheanta

[The Refuges and Precepts]

Na Tearmainn

[Refuges]

*namo tassa bhagavato arahato sammā sambuddhassa
namo tassa bhagavato arahato sammā sambuddhassa
namo tassa bhagavato arahato sammā sambuddhassa*

*buddhaṃ saraṇaṃ gacchāmi
dhammaṃ saraṇaṃ gacchāmi
saṅghaṃ saraṇaṃ gacchāmi*

*dutyampi buddhaṃ saraṇaṃ gacchāmi
dutyampi dhammaṃ saraṇaṃ gacchāmi
dutyampi saṅghaṃ saraṇaṃ gacchāmi*

*tatiyampi buddhaṃ saraṇaṃ gacchāmi
tatiyampi dhammaṃ saraṇaṃ gacchāmi
tatiyampi saṅghaṃ saraṇaṃ gacchāmi*

Urraim Dósan, An Té atá Beannaithe, Fiúntach, ag a bhfuil Léargas Foirfe !

Triallaim ar an mBúda do thearmann.

Triallaim ar an Dharma do thearmann.

Triallaim ar an Sangha do thearmann.

Den dara huair triallaim ar an mBúda do thearmann.

Den dara huair triallaim ar an Dharma do thearmann.

Den dara huair triallaim ar an Sangha do thearmann.

Den tríú huair triallaim ar an mBúda do thearmann.

Den tríú huair triallaim ar an Dharma do thearmann.

Den tríú huair triallaim ar an Sangha do thearmann.

Na cúig fhoraithe*[5 Precepts]*

pāṇātipātā veramaṇī sikkhāpadaṃ samādiyāmi
adinnādānā veramaṇī sikkhāpadaṃ samādiyāmi
kāmesu micchāchārā veramaṇī sikkhāpadaṃ samādiyāmi
musāvādā veramaṇī sikkhāpadaṃ samādiyāmi
surāmeraya majja pamādaṭṭhānā veramaṇī sikkhāpadaṃ samādiyāmi

Geallaim go staonfaidh mé ó thógáil na beatha.
 Geallaim go staonfaidh mé ó thógáil an rud nach dtugtar.
 Geallaim go staonfaidh mé ó mhí-iompar gnéis.
 Geallaim go staonfaidh mé ó chaint éithigh.
 Geallaim go staonfaidh mé ó ábhar meisciúil.

Na cúig fhoraithe dearfacha*[5 positive Precepts]*

Le gníomhartha caoin-chineáltais, íonghlanaim mo chorp.
 Le féile ón gcroí, íonghlanaim mo chorp.
 Le suaimhneas, simplíocht agus sonas íonghlanaim mo chorp.
 Le cumarsáid fhírinneach, íonghlanaim mo chuid cainte.
 Le machnamhacht ghlan ghléineach, íonghlanaim m'intinn.

Na deich bhforaitheanta dearfacha*[10 positive precepts]*

Le gníomhartha caoin-chineáltais, íonghlanaim mo chorp.
 Le féile ón gcroí, íonghlanaim mo chorp.
 Le suaimhneas, simplíocht agus sonas íonghlanaim mo chorp.
 Le cumarsáid fhírinneach, íonghlanaim mo chuid cainte.
 Le briathra cineálta, íonghlanaim mo chuid cainte.
 Le briathra cabhracha, íonghlanaim mo chuid cainte.
 Le briathra sítheacha, íonghlanaim mo chuid cainte.
 Le séanadh sainte agus sealbhú suaimhnis, íonghlanaim m'intinn.
 Le cúl ar fhuath agus aghaidh ar thaise, íonghlanaim m'intinn.
 Le díbirt aineolais ar thóir na heagna, íonghlanaim m'intinn.

SÚTRA AN CHROÍ

[The Heart Sutra]

Mar atá ag Ionad Búdaíoch Bhaile Átha Cliath

Chonaic Bodhisattva na Taise
agus é ag machnamh go domhain
foilmhe na gcúig scunda
agus bhris na ceangail a thug dó fulaingt.

Anseo mar sin,
níl tada cruth ach foilmhe,
tada foilmhe ach cruth.
Níl i gcruth ach foilmhe.
I bhfoilmhe níil ach cruth.

Is mar a chéile leis seo
mothúchán, smaoineamh agus rogha;
an mheabhraíocht féin.

Ina bhunús is neamhní an uile rud:
ní bheirtear ná ní mhilltear é;
níl sé salach ná glan;
ní thuileann sé ná ní thránn.

Mar sin i bhfoilmhe níil cruth;
níil mothúchán, smaoineamh ná rogha,
ná níil meabhraíocht.

Níl súil, cluas, srón, teanga, corp, meabhair;
níil dath, fuaim, boladh, blas, teagmháil
ná dá mbeireann an mheabhair greim air
ná fiú gníomh aireachtála.

Níl aineolas ná a dheireadh
ná dá dtagann mar thoradh ar aineolas;
níil feo, níil bás,
níil a ndeireadh.

Ná níl pian, ná ábhar péine,
 ná scor ó phian, ná bealach uasal
 ar éalú ó phian,
 ná fiú críonnacht le baint amach.
 Is foilmhe freisin baint amach cuspóra.

Tuig mar sin go bhfuil an Bodhisattva,
 é ag cloí le faic na fríde
 ach ag áitreabh i gcríonnacht Prajñā,
 saor ó chosc siabhránach,
 réidh leis an bhfaitíos a ghineann sé
 agus aimsíonn an Nirvana is soiléire.

Chuig gach Búda an ama a chuaigh thart
 agus an ama i láthair,
 Búdaí an ama le teacht,
 iad ag úsáid na críonnachta Prajñā seo,
 tagann léargas lán foirfe.

Éist mar sin leis an dharani mór,
 an mantra lonrach gan cothram,
 an Prajñāpāramitā
 a mhaolaíonn a chuid focal gach pian;
 éist agus creid a fhírinne:

Gate Gate Pāragate Pārasaṃgate Bodhi Svāhā